
# Bua ag an nGaeltacht

Eochairfhocail: coimhlint, lúcháir, idirmheánach, sóisear, imreoirí, an lucht bainistíochta, an lucht tacaíochta

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Cárbh as don fhoireann a bhí ag imirt in aghaidh na Gaeltachta?
2.An raibh an cluiche seo idir cheann na meá go dtí an deireadh, dar leis an tuairisceoir?
3.Cén scór a bhí ann ag leatham sa chluiche?
4.Cathain a d'aimsigh an Ghaeltacht a gcéad scór sa dara leath?
5.Cén cur síos a thugann an tuairisceoir ar an scór a d'aimsigh Cathal Ó Beaglaoich sa dara leath?
6.Cén t-ainm a bhí ar an bhfoireann as Ciarraí a bhuaigh cluiche ceannais na sóisear sa pheil?
7.Cad a tharla don Ghaeltacht nuair a shroich siad cluiche ceannais na hÉireann sa bhliain 2004, dar leis an tuairisceoir Seán Mac an tSíthigh?
8.Cén cur síos a dhéanann Seán Mac an tSithígh ar mhothúcháin mhuintir na Gaeltachta tar éis dóibh craobh na hÉireann a bhuachaint?



9.Cé dó ar bhuaigh an Ghaeltacht an cluiche, dar le Tomás Ó Sé, uimhir 13 ar fhoireann na Gaeltachta?
10. Conas a d'éirigh leis an nGaeltacht an bhliain seo caite, dar le huimhir a sé ar fhoireann na Gaeltachta?
11. Cé mhéad leaid óg a tháinig isteach ar phainéal sinsear na Gaeltachta i mbliana, dar le Dara Ó Cinnéide?
12. Cad a rinne captaen fhoireann na Gaeltachta nuair a bhí sé ag imirt in aghaidh David Clifford i gcluiche ceannais an chontae?
13. Céard é an chéad rud a deir Éanna Ó Conchúir nuair a chuireann an tuairisceoir faoi agallamh é?
14. Cén grád i gCiarraí ag a mbeidh an Ghaeltacht ag imirt an bhliain seo chugainn, dar le hÉanna? s
15. Ar cheap Éanna go raibh imreoirí ní ba chumasaí ag Gleann an Iolair ná mar a bhí ag foireann na Gaeltachta?
16. Cathain a bhí an Ghaeltacht ag dul abhaile go hIarthar Duibhneach?




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: críochnaigh na habairtí

**Féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh críoch cheart na n-abairtí seo a leanas. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

- **Chaill an Ghaeltacht cluiche leathcheannais idirmheánach na hÉireann**
- Bhí an Ghaeltacht fíochmhar, cliniciúil
- Bhí Ruairí Ó Beaglaoich ar dhuine de
- Bhí seacht gcúilín idir na foirne
- Bhí foireann Ghleann an Iolair as Doire thar a bheith
- Bhuaigh Baile Mhic Eileagóid ar Éire Óg an Chlochair, as Tír Eoghain i
- Beidh sé ina cheiliúradh in Iarthar Duibhneach
- Bhí an Ghaeltacht i bPáirc an Chrócaigh uair amháin cheana
- Chuir Seán Mac an tSíthigh, an tuairisceoir, cúpla duine d'imreoirí
- Bhí lúcháir
- Dúirt Dara Ó Cinnéide go raibh bádóir ceart na foirne
- Bhí Éanna Ó Conchúir ar dhuine d'imreoirí na Gaeltachta a chuir Seán Mac an tSíthigh
- D'fhan foireann peile na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath

- laochra na Gaeltachta i bPáirc an Chrócaigh
- cosantach i rith an chluiche ar fad nachmór
- nuair a tháinig na deiseanna
- oíche an chluiche
- as seo go ceann i bhfad
- faoi agallamh
- na Gaeltachta faoi agallamh díreach tar éis an chluiche
- in easnamh do Chraobh Chiarraí ar fad
- ar lucht bainistíochta na Gaeltachta tar éis an chluiche
- gcluiche ceannais na sóisear
- sa bhliain 2004
- ag leatham
- **ocht mbliana ó shin**


## Freagraí

1. Doire, Gleann an Iolair
2. Ní raibh, smacht iomlán ag an nGaeltacht ar an tseilbh, go hiomlán i gceannas ó thús go deireadh na coimhlinte
3. 0-8 ag an nGaeltacht, 0-1 ag Gleann an Iolair
4. Beagnach fiche nóiméad isteach sa dara leath
5. Scór stua dhá chúilín cumasach ar fad
6. Baile Mhic Eileagóid
7. Chaill siad an cluiche, briseadh croí agus olagón
8. Malairt poirt inniu, lúcháir agus laochas
9. Don lucht tacaíochta, don lucht bainistíochta agus dá chéile
10. Níor éirigh leo teacht amach as an ngrúpa i gCiarraí
11. 10
12. Choimeád sé ciúin é
13. Táim buíoch
14. Sinsear
15. Níor cheap
16. An mhaidin tar éis an chluiche



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Freagraí

- Chaill an Ghaeltacht cluiche leathcheannais idirmheánach na hÉireann ocht mbliana ó shin.
- Bhí an Ghaeltacht fíochmhar, cliniciúil nuair a tháinig na deiseanna
- Bhí Ruairí Ó Beaglaoich ar dhuine de laochra na Gaeltachta i bPáirc an Chrócaigh
- Bhí seacht gcúilín idir na foirne ag leatham
- Bhí foireann Ghleann an Iolair as Doire thar a bheith cosantach i rith an chluiche ar fad nachmór
- Bhuaigh Baile Mhic Eileagóid ar Éire Óg an Chlochair, as Tír Eoghain i gcluiche ceannais na sóisear
- Beidh sé ina cheiliúradh in Iarthar Duibhneach as seo go ceann i bhfad
- Bhí an Ghaeltacht i bPáirc an Chrócaigh uair amháin cheana sa bhliain 2004
- Chuir Seán Mac an tSíthigh, an tuairisceoir, cúpla duine d’imreoirí na Gaeltachta faoi agallamh díreach tar éis an chluiche
- Bhí lúcháir ar lucht bainistíochta na Gaeltachta tar éis an chluiche
- Dúirt Dara Ó Cinnéide go raibh bádóir ceart na foirne in easnamh do Chraobh Chiarraí ar fad
- Bhí Éanna Ó Conchúir ar dhuine d’imreoirí na Gaeltachta a chuir Seán Mac an tSíthigh faoi agallamh
- D’fhan foireann peile na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath oíche an chluiche

